

Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 15

Ainm _____ Rang _____

Gaelscoil Uí Néill



Clár

	lth.
Foclóir G	2
Lá Sneachta	4
An tEarrach	5
Foclóir G/H	6
An Samhradh	8
An Fear Dóiteáin	9
Foclóir I	10
Sióga	12
Clós na Scoile	13
Foclóir J/K/L	14
Daidí Phóil	16
An Fhearthainn	17
Foclóir L	18
Fliuch Báite	20
An Maor Tráchta	22
Foclóir M	24
Oíche Shamhna	26
An Trá	28

gaofar

gaofar *aidiacht* níos/ís gaofaire
nuair a bhíonn gaoth láidir ann

gaol *ainmfhocal* gaoil

1 duine atá gaolta leat, deirfiúr nó col ceathrar mar shampla **2** nasc nó baint a bheith ann idir dhá rud nó níos mó

gaolta *aidiacht*

1 sa chlann chéanna **2** bainte nó nasctha lena chéile ar bhealach

gaosán *ainmfhocal*

gaosáin

an chuid de d'aghaidh a úsáideann tú le hanáilú agus le boladh, srón

gaoth *ainmfhocal* gaothanna
sruth aeir

gaothchumhacht

ainmfhocal

fuinneamh a fháil ón ghaoth

gaothrán *ainmfhocal* gaothráin

fearas leictreach le liáin a choinníonn daoine fionnuar ar lá te, geolán

gaothscáth *ainmfhocal* gaothscáthanna

an fuinneog ag tosach cairr nó feithicil eile

gaothuirlis *ainmfhocal* gaothuirlisí

uirlis cheoil a shéideann tú nó a úsáideann aer le seinm

gar *aidiacht*

1 i **ngar** in aice le, cóngarach dó, ní i bhfad ar shiúl *Déanaimid cónaí i ngar don trá.* **2** i **ngar agus i gcéin** gach áit *D'amharc muid i ngar agus i gcéin don chat nuair a bhí sé ar strae.*

gar *ainmfhocal* garanna

rud cineálta a dhéanann tú do dhuine eile, fabhar

garáiste *ainmfhocal*

garáistí

1 áit a ndíolann peitreal agus a ndeisiúnn feithicilí nuair atá siad briste **2** foirgneamh ina gcoinnítear carranna nó feithicilí eile

garathair *ainmfhocal* garaithreacha

daidí do dhaideo, do sheanathair mór

garbh *aidiacht* níos/ís gairbhe

gan a bheith mín, cnapánach *Níl an tábla mín, tá sé garbh.*

garchabhair *ainmfhocal*

cóireáil shimplí a thugtar do dhuine atá tinn nó gortaithe sula dtagann an dochtúir nó otharcharr

garda *ainmfhocal* gardaí

1 ball de na péas, póilín **2** duine a thugann cosaint d'áit nó do dhuine

gardáil *briathar* ghardáil,

gardálann, gardálfaidh, gardáil,

gardáilte

rud nó duine a chosaint agus a choinneáil slán

garfhreagra *ainmfhocal*

garfhreagraí

freagra atá cóngarach don fhreagra ceart, meastachán

garg *aidiacht* níos/ís gairge

drochmhúinte, míbhéasach

gariníon *ainmfhocal* gariníonacha

iníon de pháiste dhuine

garmachán *ainmfhocal* garmacháin

iasc farraige

garmhac *ainmfhocal* garmhic

mac de pháiste dhuine

garraí *ainmfhocal* garraithe

píosa talún ina mbíonn bláthanna, torthaí nó glasraí ag fás, gairdín

garraíodóir *ainmfhocal* garraíodóir

duine a bhíonn ag obair i ngairdín

garraíodóireacht *ainmfhocal*

obair ghairdín

garrán *ainmfhocal* garráin

carn crann, coill bheag

gas *ainmfhocal* gais

1 an phríomhchuid nó an chuid lárnach de phlanda nó crann, péacán **2 gas féir** píosa amháin d'fhéar

gás *ainmfhocal* gáis

1 substaint atá ábalta bogadh go saor agus ní solad nó leacht é, ocsaigin mar shampla **2 gáis cheaptha teasa** gáis dhochracha a scriosann an brat ózón

gásailín *ainmfhocal*

peitreal

gásmhéadar *ainmfhocal* gásmhéadair

tanc mór ciorclach ina stóráiltear gás

gasóg *ainmfhocal* gasóga

gasúr i dtrúpa a bhíonn ag foghlaim scileanna agus ag cuidiú le daoine

gasra *ainmfhocal* gasraí

grúpa daoine a dhéanann rudaí le chéile



Obair Bhaile 1


Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

garbh	gaofar	gharáiste	garraíodóir
garda	garmachán	gaosán	ngar

1. Níl an tábla mín, tá sé _____.
2. Is ball de na péas é an _____.
3. Chuir an _____ plandaí nua sa ghairdín.
4. Cheannaigh mé peitreal sa _____.
5. Focal eile don tsrón ná an _____.
6. Bhí stoirm mhór ann, bhí sé iontach _____.
7. Is iasc farraige é an _____.
8. Déanaimid cónaí i _____ don trá.

Obair Bhaile 2

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:

- 1)  ga _____
- 2)  ga _____
- 3)  ga _____
- 4)  ga _____
- 5)  ga _____
- 6)  ga _____

Obair Bhaile 3

Lá Sneachta

An geimhreadh a bhí ann. Bhí sé sioctha fuar. Bhí Pól ag siúl ar scoil. Bhí cóta trom air agus bhí scairf air. Bhí mála scoile leis ar a dhroim. Bhí buataisí sneachta air fosta.

Bhí Pól agus a chairde ag obair sa rang. Bhí siad ag léamh leabhair. D'amharc na páistí amach an fhuinneog. Bhí siad iontach sásta ar fad. Bhí gach rud bán. Ag am sosa chaith siad liathróidí sneachta. Thóg na cailíní fear sneachta. Chuir siad hata air. Bhí meacan dearg mar shrón aige. Bhí lá iontach ag Pól ar scoil mar is breá leis an sneachta.

Nuair a bhí sé ag dul abhaile, tháinig an ghrian amach. Thosaigh an sneachta ag leá. Sa deireadh, ní raibh sneachta ar bith ann. Bhí Pól míshásta leis sin agus chuaigh sí abhaile go brónach.



1. Cén séasúr a bhí ann?

- (a) An samhradh a bhí ann.
- (b) An geimhreadh a bhí ann.
- (c) An t-earrach a bhí ann.

2. Cad é a rinne na páistí ag am sosa?

- (a) D'fhan siad istigh ag am sosa.
- (b) Chuaigh siad abhaile ag am sosa.
- (c) Chuaigh siad amach ag am sosa.

3. Bhí lá maith ag Pól ar scoil mar:

- (a) is maith leis an sneachta.
- (b) bhí sé grianmhar.
- (c) d'imir sé peil.


4. Cén fáth nach raibh áthas ar Phól sa deireadh?

- (a) Bhí sé fuar.
- (b) Bhí an sneachta ar shiúl.
- (c) Bhí obair bhaile aige.

Obair Bhaile 4

An tEarrach

Is séasúr an-speisialta é an t-earrach. Tá an geimhreadh fuar fada thart. Tagann athrú ar gach rud. Éiríonn an aimsir níos fearr agus tosaíonn na plandaí ag fás. Bíonn dathanna galánta ar na bláthanna. Bíonn lus an chromchinn agus nóiníní le feiceáil sna gairdíní agus sna páirceanna. Fásann duilleoga ar na crainn fosta.



Bíonn babaithe ag cuid mhór ainmhithe. Bíonn uain ag na caoirigh, mar shampla. Thig linn na huain óga a fheiceáil ag rith thart sna páirceanna. Tógann na héin nead san earrach agus ansin bíonn éin bheaga acu. Is fuath liom an geimhreadh. Is é an t-earrach an séasúr is fearr liom. Is breá liom na bláthanna galánta agus na hainmhithe óga a fheiceáil. Cuireann sin áthas mór orm.

1. Cá huair a bhíonn an t-earrach ann?
 - (a) Bíonn an t-earrach ann nuair a thagann an sneachta.
 - (b) Bíonn an t-earrach ann i ndiaidh an gheimhridh.
 - (c) Bíonn an t-earrach ann ag an Nollaig.
2. Cad é atá speisialta faoin earrach?
 - (a) Athraíonn gach rud.
 - (b) Éiríonn sé fuar.
 - (c) Imíonn na héin.
3. Cad é a tharlaíonn do na plandaí?
 - (a) Fásann siad.
 - (b) Faigheann siad bás.
 - (c) Imíonn na dathanna.
4. Cá háit a mbíonn nóiníní le feiceáil?
 - (a) Bíonn nóiníní le feiceáil sna siopaí.
 - (b) Bíonn nóiníní le feiceáil sna páirceanna.
 - (c) Bíonn nóiníní le feiceáil sa spéir.
5. Cad é a thógann na héin san earrach?
 - (a) Tógann na héin nead san earrach.
 - (b) Tógann na héin nóiníní san earrach.
 - (c) Tógann na héin uain san earrach.

guí

guí *ainmfhocail* guíonna
na rudaí a deir tú nuair a ghuíonn tú,
paidir, urnaí

guigh *briathar* ghuigh, guíonn, guífídh,
guí
labhairt le Dia, de ghnáth trí phaidir a rá

gúm *ainmfhocail* gúim
plean, scéim

guma *ainmfhocail* gumaí
guma coganta milseán a bhíonn tú
ag cogaint nó ag ithe le tamall fada *Is
maith liom guma coganta a ithe.*

gúna *ainmfhocail* gúnaí
ball éadaí do chailíní agus mná, le
barrchóir agus sciorta le chéile *Fuair an cailín
gúna nua dá breithlá.*

gunna *ainmfhocail* gunnaí
arm a scaoileann piléir ó fheadán miotail

gur *cónasc*
gabh chuig go *Dúirt an cailín gur ith sí na
milseáin uilig.*

gurb *mír chopaille*
gabh chuig is *Dúirt an cailín gurb é an peileadóir
is fearr é.*

gusta *ainmfhocail* gustaí
siorradh gasta aeir nó fearthainne

guta *ainmfhocail* gutaí
litreacha den aibítir, a, e, i, o nó u


guth *ainmfhocail* guthanna
an fhuaim a dhéanann tú nuair a
labhraíonn tú nó nuair a chanann tú,
glór

guthán *ainmfhocail* gutháin
1 fearas leictreach a ligeann
do dhaoine labhairt lena chéile nuair
atá siad i bhfad óna chéile, fón **2 guthán póca**
fón soghluaiste



haca *ainmfhocail*
1 cluiche a imríonn dhá fhoireann
amuigh le bataí fada cuartha
agus liathróid bheag chrua *Is maith le cailíní
haca a imirt.* **2 haca oighir** cluiche mar haca
a imríonn tú ar oighear

haingear *ainmfhocail* haingir
bothán ina gcoinnítear aerárthaigh



hairicín *ainmfhocail*
hairicíní
stoirm mhór le gaoth láidir

haiste *ainmfhocail* haistí
oscailt in urlár, balla nó
doras, le clúdach de ghnáth

halla *ainmfhocail* hallaí
1 seomra ollmhór do
chruinnithe ceolchoirmeacha agus cruinnithe
móra eile do dhaoine *Beidh cóisir againn sa
halla.* **2** spás nó pasáiste istigh i dtosach an tí

hamstar *ainmfhocail* hamstair
ainmhí beag clúmhach le púitsí ina leicne,
coinníonn daoine é mar pheata ago minic

hanla *ainmfhocail* hanlaí
an chuid de rud a choinníonn tú i
do lámh sa dóigh is go dtig leat é
a stiúradh, é a thógáil nó é a
oscailt, lámhchrann *Cas an hanla
agus oscail an doras.*

hart *ainmfhocail* hairt
an croí i gcárta

hata *ainmfhocail* hataí
clúdach don chloigeann *Chuir
an gasúr a hata ar a cheann.*

hea *forainm*
gabh chuig ea

heicseagán *ainmfhocail* heicseagáin
cruth le 6 shlios

heicteár *ainmfhocail* heicteáir
aonad impiriúil d'achar



héileacaptar *ainmfhocail* héileacaptair
aerárthach gan eiteoga, is iad na liáin mhóra
chothrománacha ag an bharr a
thógann é agus a choinníonn
é san aer, ingearán *Tá an
héileacaptar ag eitilt sa
spéir.*

hidrigin *ainmfhocail*
gás iontach éadrom a dhéanann uisce nuair a
mheasctar é le hocsaigin

hidrileictreach *aidiacht*
uisce a úsáid le leictreachas a dhéanamh

hiéana *ainmfhocail* hiéanaí
ainmhí fiáin atá cosúil le mac tíre agus a bhíonn
ag uallfartach go scréachach

hiodrálach *aidiacht* níos/lis hiodrálaí
ag obair mar gheall ar ghluaiseacht uisce nó
leachta eile



Obair Bhaile 5

Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.


gúna	gur	héileacaptar	hata
halla	hanla	haca	gurb

1. Tá an _____ ag eitilt sa spéir.
2. Beidh cóisir againn sa _____.
3. Casa an _____ agus oscail an doras.
4. Dúirt an cailín _____ ith sí na milseáin uilig.
5. Fuair an cailín _____ nua dá breithlá.
6. Is maith le cailíní _____ a imirt.
7. Chuir an gasúr a _____ ar a cheann.
8. Dúirt an cailín _____ é an peileadóir is fearr é.

Obair Bhaile 6

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:

1) he _____



2)

ha _____




3)

ha _____




4)



ha _____

5)

ha _____



6)

gu _____




Obair Bhaile 7

An Samhradh

Is breá le gach duine an samhradh. Bíonn an aimsir an-mhaith ar fad. Bíonn an ghrian ag soilsiú cuid mhaith den am. Fásann na bláthanna agus fásann duilleoga ar na crainn sa samhradh. Ní bhíonn duine ar bith ar scoil mar bíonn na scoileanna druidte.

Is maith le daoine dul chuig an trá sa samhradh fosta. Bíonn siad ag súgradh ar an trá agus ag snámh san fharraige. In amanna bíonn an ghrian iontach te agus caithfidh muid bheith iontach cúramach. Tá sé tábhachtach spéaclaí gréine a chaitheamh mar thig leis an ghrian dochar a dhéanamh do na súile.



1. Cé acu atá fíor?
 - (a) Is fuath le daoine an samhradh.
 - (b) Ní maith le daoine an samhradh.
 - (c) Is maith le daoine an samhradh.
2. Cad é mar a bhíonn an aimsir sa samhradh?
 - (a) Bíonn sé fuar sa samhradh.
 - (b) Bíonn sé grianmhar sa samhradh.
 - (c) Bíonn sé scamallach sa samhradh.
3. Cad é a tharlaíonn do na bláthanna sa samhradh?
 - (a) Fásann siad
 - (b) Faigheann siad bás
 - (c) Titeann na duilleoga
4. Cén fáth nach mbíonn páistí ar scoil sa samhradh?
 - (a) Bíonn an aimsir róthe le dul ar scoil.
 - (b) Ní maith leo dul ar scoil.
 - (c) Ní bhíonn na scoileanna oscailte.
5. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach spéaclaí gréine a chaitheamh?
 - (a) Tá siad deas
 - (b) Cuidíonn siad leat snámh
 - (c) Níl an ghrian maith do na súile

Obair Bhaile 8

An Fear Dóiteáin

Is fear dóiteáin é Séamas agus bíonn sé ag obair sa stáisiún dóiteáin. Is áit iontach mór é an stáisiún. Tá garáiste ann fosta. Bíonn carranna agus innill dóiteáin sa gharáiste.

Is duine cairdiúil é Séamas. Caitheann sé hata cruá buí. Bíonn sé ag cuidiú le daoine eile ó mhaidin go hoíche. Cuireann daoine scairt ar an stáisiún dóiteáin má bhíonn tine ann. Nuair a bhuaileann an cloigín, ritheann an fear dóiteáin agus sleamhnaíonn sé síos an cuaille. Téann sé isteach san inneall dóiteáin le dul go dtí an tine.

Úsáideann sé píobán uisce le huisce a chur ar an tine agus múchann sé an tine. Tá an obair seo iontach suimiúil ach iontach contúirteach fosta!



1. Cá háit a mbíonn Séamas ag obair?

- (a) Bíonn Séamas ag obair sa stáisiún traenach.
- (b) Bíonn Séamas ag obair sa gharáiste.
- (c) Bíonn Séamas ag obair sa stáisiún dóiteáin.

2. Cad é a bhíonn sa gharáiste sa stáisiún dóiteáin?

- (a) Bíonn ainmhithe sa gharáiste sa stáisiún dóiteáin.
- (b) Bíonn carranna agus innill dóiteáin sa gharáiste sa stáisiún dóiteáin.
- (c) Bíonn páipéar agus criáin sa gharáiste sa stáisiún dóiteáin.

3. Cén fáth a gcaitheann an fear dóiteáin hata cruá?

- (a) Tá sé compordach
- (b) Coinníonn sé sábháilte é
- (c) Tá sé deas

4. Bíonn Séamas ag obair:

- (a) ar maidin.
- (b) tráthnóna.
- (c) an lá ar fad.

5. Cad é mar a mhúchann sé tine?

- (a) Cuireann sé aer ar an tine.
- (b) Cuireann sé uisce ar an tine.
- (c) Caitheann sé gaineamh ar an tine.

iarmhéid

iarmhéid *ainmfhocal* iarmhéideanna
iarmhéid bainc an méid airgid atá ag duine sa bhanc

iarrthóir *ainmfhocal* iarrthóirí
duine a iarrann rud nó a chuireann iarratas isteach ar rud, jab mar shampla

iarsmalann *ainmfhocal*
iarsmalanna
áit a gcuirtear rudaí aosta, suimiúla nó luachmhara ar taispeáint le go dtig le daoine iad a fheiceáil, músaem

iarta *ainmfhocal* iartaí
pláta ar shorn a théann suas a gcuireann tú pota air

iarthar *ainmfhocal*
an treo ina a dtéann an ghrian faoi

iartharach *aidiacht* níos/ís iartharaí
ón iarthar

iarthuaisceart *ainmfhocal*
idir an tuaisceart agus an t-iarthar

iasacht *ainmfhocal* iasachtaí
1 ar iasacht rud a thugann tú do dhuine eile ar feadh tamaill a gheobhaidh tú ar ais ag pointe éigin, nó rud a thugann duine eile duit a gheobhaidh sé ar ais ag pointe éigin **2 ón iasacht** ó thír eile

iasachta *aidiacht* iasachtaí
ó thír eile

iasachtaí *ainmfhocal* iasachtaithe
duine a fhaigheann rud ar iasacht

iasachtóir *ainmfhocal* iasachtóirí
duine a thugann rud ar iasacht

iasc *ainmfhocal* éisc
1 ainmhí a chónaíonn agus a análaíonn in uisce **2 iasc órga** iasc oráiste a bhíonn ag daoine mar pheata

iascaire *ainmfhocal* iascairí
duine a dhéanann iarracht éisc a cheapadh, mar jab nó mar chaitheamh aimsire

iascaireacht *ainmfhocal*
iarracht a dhéanamh éisc a cheapadh

iata *aidiacht* níos/ís iata
1 druidte **2 in iata** ceangailte, san áireamh, in éineacht

iatán *ainmfhocal* iatáin
sa ríomhaireacht, cáipéis a chuireann tú chuig duine le ríomhphost

idé *ainmfhocal* idéanna
rud a smaoiníonn tú air, smaoineamh, plean

íde *ainmfhocal*
íde béil tabhairt amach do dhuine, labhairt le duine go crosta

idéalach *aidiacht* níos/ís idéalaí
gó díreach an rud a ba mhaith leat, foirfe

idéalachas *ainmfhocal*
iarracht a dhéanamh rudaí a dhéanamh idéalach duit féin nó do dhaoine eile

idéalaí *ainmfhocal* idéalaithe
duine a chreideann gur chóir do rudaí a bheith déanta go hidéalach

ídigh *briathar* d'ídigh, ídíonn, ídeoidh, ídiú, ídithe
rud nó rudaí a úsáid suas

idir *réamhfhocal* eadrainn, eadraibh, eatarthu
1 taobh istigh de dhá phointe nó níos mó, i measc dhá rud nó níos mó *Tá an carr briste síos idir Béal Feirste agus Dún Geanainn.* **2** an dá cheann, an bheirt *Bhí idir ghasúir agus ghirseacha ann.* **3 idir an dá linn** le linn do rud éigin eile a bheith ag tarlú

idir- réimír
idir dhá rud nó duine nó níos mó

idirbheartaíocht *ainmfhocal*
iarracht a dhéanamh réiteach nó socrú a oibriú amach trí phlé a dhéanamh

idirchum *ainmfhocal*
fearas a éascaíonn cumarsáid ar raidió nó guthán

idiréadán *ainmfhocal*
idiréadain
scáileán ríomhaire



idirghníomhach *aidiacht*
níos/ís idirghníomhaí
cumas a bheith ann eolas nó sonraí a chur ón chóras ríomhaire chuig an úsáideoir agus ar ais arís

idirlinn *ainmfhocal* idirlinnte
1 an t-am idir dhá imeacht nó idir dhá chuid de dhráma nó scannán **2 san idirlinn** le linn do rud éigin eile a bheith ag tarlú

idirlíon *ainmfhocal*
an gréasán ríomhaire a ligeann do dhaoine ar fud an domhain eolas a roinnt agus teachtaireachtaí a chur lena chéile

idirmheánach *aidiacht* níos/ís idirmheánaí
ag teacht idir dhá rud in áit, ord nó am

idirnáisiúnta *aidiacht* níos/ís idirnáisiúnta
a bhaineann le níos mó ná tír amháin



Obair Bhaile 9

Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.


idir	iarsmalann	iasacht	iasc
iascaire	iarthar	idirlíon	idirnáisiúnta

1. Tá _____ órga agam mar pheata.
2. Fuair mé cuimilteoir ar _____ ó mo chara sa rang.
3. Tá an carr briste síos _____ Béal Feirste agus Dún Geanainn.
4. Is maith liom cluichí mata a imirt ar an _____.
5. Is comórtas sacair _____ é Corn an Domhain.
6. Cheap _____ cuid mhór éisc san abhainn.
7. Chonaic muid cnámha na ndineasár san _____.
8. Tá Tír Chonaill in _____ na hÉireann.

Obair Bhaile 10


Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:

1)



ia _____

2)



idi _____

3)



iar _____

4)



ia _____


Obair Bhaile 11

Sióga

Tá sióga ina gcónaí sna crainn i lár na coille. Níl muid ábalta iad a fheiceáil ach tá siad ann. Bíonn siad ag damhsa agus ag ceol go minic. In amanna, is féidir linn iad a chluinstin agus iad ag súgradh lena chéile.

Tá ainmneacha speisialta ar na sióga agus tá siad ábalta rudaí draíochta a dhéanamh. Is breá leo bheith amuigh faoin aer ag piocadh bláthanna deasa. Déanann siad rudaí beaga deasa leis na bláthanna, ach imíonn siad nuair a chluineann siad daoine ag teacht!

Ní bhíonn siad sásta nuair a chaitheann daoine bruscar ar an talamh. Cuireann sin isteach go mór orthu. Ba bhreá liom bheith ábalta labhairt leis na sióga. Ba bhreá liom bheith ábalta iad a fheiceáil agus iad ag damhsa lena chéile.



1. Cá háit a bhfuil na sióga ina gcónaí?
 - (a) Tá sióga ina gcónaí i dteach mór.
 - (b) Tá sióga ina gcónaí sa choill.
 - (c) Tá sióga ina gcónaí ar an tsráid.
2. Is maith leis na sióga:
 - (a) bheith amuigh ag súgradh.
 - (b) bheith ina suí go ciúin.
 - (c) bheith ag léamh leabhar.
3. Cad é an rud speisialta a thig le sióga a dhéanamh?
 - (a) Thig le sióga bláthanna a phiocadh.
 - (b) Thig le sióga draíocht a dhéanamh.
 - (c) Thig le sióga peil a imirt.
4. Cad é a dhéanann na sióga nuair a chluineann siad daoine ag teacht?
 - (a) Téann siad amach le bheith ag súgradh leo.
 - (b) Imíonn siad leo.
 - (c) Tosaíonn siad ag ceol.
5. Ní maith leis na sióga:
 - (a) babaithe ag caoineadh.
 - (b) daoine nach dtógann bruscar abhaile.
 - (c) páistí eile ag damhsa.

Obair Bhaile 12

Clós na Scoile

Bíonn na páistí ag súgradh ar scoil ón Luan go dtí an Aoine. Téann siad amach faoin aer ag am sosa agus ag am lóin, má bhíonn sé tirim.

Is maith le Rang 1 agus le Rang 2 bheith ag súgradh taobh amuigh. Bíonn siad ag súgradh le gaineamh agus le huisce. Bíonn páistí Rang 7 ag cuidiú leo. Bíonn Rang 3 agus Rang 4 ag súgradh taobh amuigh fosta. Is breá leo bheith ag rith thart go gasta. Bíonn rópa fada ag na cailíní agus bíonn siad ag ceol agus iad ag scipeáil. Ritheann siad isteach agus amach agus iad ag léim thar an rópa.

Tá cead ag na páistí is sine bheith ag súgradh ar an fhéar. Is maith le gach duine bheith ag rásaíocht. Bíonn cuid acu iontach gasta. Is fearr leis na gasúir bheith ag imirt peile. Bíonn gach duine iontach callánach ar fad!



1. Bíonn na páistí ag súgradh ar scoil:
 - (a) gach lá scoile.
 - (b) gach seachtain.
 - (c) trí lá sa tseachtain.
2. Téann na páistí amach má bhíonn an aimsir:
 - (a) maith.
 - (b) fliuch.
 - (c) fuar.
3. Cé a thugann cuidiú do pháistí Rang 1 agus Rang 2?
 - (a) Tugann na páistí is sine sa scoil cuidiú do pháistí Rang 1 agus 2.
 - (b) Tugann páistí Rang 3 cuidiú do pháistí Rang 1 agus 2.
 - (c) Tugann páistí ón Naíscoil cuidiú do pháistí Rang 1 agus 2.
4. Bíonn cailíní Rang 3 agus Rang 4 ag ceol sa chlós nuair a bhíonn siad:
 - (a) ag rith.
 - (b) ag léamh leabhar.
 - (c) ag scipeáil.
5. Cad é an rud is fearr leis na gasúir is sine?
 - (a) Is fearr leis na gasúir is sine rásaíocht.
 - (b) Is fearr leis na gasúir is sine peil.
 - (c) Is fearr leis na gasúir is sine scipeáil.

itheachán *ainmfhocal*

1 seomra itheacháin an seomra ina n-itheann daoine na beilte **2 cipíní itheacháin** péire maidí tanaí a úsáideann tú le bia Síneach nó Seapánach a ithe

Iúil *ainmfhocal*

an seachtú mí den bhliain, mí Iúil

iúr *ainmfhocal* iúir

crann síorghlas le caora dearga agus duilleoga dorcha mar shnáthaidí

Iúr Cinn Trá *ainmfhocal*

cathair i gContae an Dúin

iúl *ainmfhocal*

cuir in iúl eolas a thabhairt, rud a chur le fios



jab *ainmfhocal* jabanna

obair a dhéanann duine go rialta le hairgead a shaothrú, post

jacaí *ainmfhocal* jacaíthe

duine a mharcaíonn ar chapall i rásaí *Bhí an jacaí ag marcaíocht ar an chapall.*

jíons *ainmfhocal*

brístí neamhfhoirmiúla déanta le deinim, bríste géine *Níl cead agat jíons gorma a chaitheamh ar scoil.*

jíp *ainmfhocal* jípeanna

carr beag láidir ar féidir a thiomáint ar thalamh garbh *Tá rotha móra faoin jíp.*

júdó *ainmfhocal*

comhrac láimhe spórtúil ón tSeapáin *Tá an gasúr iontach maith ag troid mar déanann sé júdó.*

jumbó *ainmfhocal*

scairdeitleán jumbó eitleán paisinéirí ollmhór



karaté *ainmfhocal*

modh féinchosanta ón tSeapáin, ag úsáid na lámha agus na cosa



kebab *ainmfhocal* kebabanna

píosaí beaga feola nó glasraí gríosctha ar bhriogún



lá *ainmfhocal* laethanta

1 an tréimhse 24 uair idir meánoíche agus an chéad mheánoíche eile **2** an chuid gheal den lá **3 lá breithe** an dáta ar ar rugadh tú **4 laethanta saoire** tréimhse ama nuair nach mbíonn tú ar scoil nó ag obair; tréimhse nuair a théann tú chuig áit eile le sult a bhaint as

lábán *ainmfhocal* lábáin

créafóg bhog fhliuch *Is maith leis an mhuc rolladh sa lábán.*

lábánach *aidiacht* níos/is lábánaí

lábán a bheith ann

labhair *briathar* labhair, labhraíonn, labhróidh,

labhairt, labhartha

focail a dhéanamh ó bhéal, caint

labhairt *ainmfhocal*

cumas le focail a dhéanamh ó bhéal

labhandar *ainmfhocal*

planda le bláthanna bánchorcra agus boladh an-mhilis

lacáiste *ainmfhocal* lacáistí

an méid ar ar laghdaíodh praghas ruda, 25% mar shampla

lách *aidiacht* níos/is láiche

séimh, ciúin, suaimhneach, cineálta, cairdiúil *Is duine lách í mo mhaiméo.*

lacha *ainmfhocal* lachain

éan le cosa scamallacha agus gob cothrom

lachín *ainmfhocal* lachíní

lacha óg

lacht *ainmfhocal* lachtanna

bainne

lachtmhar *aidiacht* níos/is lachtmhair



bainniúil

ládáil *ainmfhocal* ládálacha

na hearraí a iompraíonn long nó eitleán, bulc

ladar *ainmfhocal* ladair

spúnóg mhór dhomhain le hanla fada a úsáideann tú le súp nó leachta eile a riar *Thug mamaí ladar bainne do na cait.*



Obair Bhaile 13



Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

jacaí	lacha	lá	ladar
lábán	júdó	jíp	jíons

1. Tá rotha móra faoin _____.
2. Bíonn an _____ ag marcaíocht ar an chapall.
3. Is maith leis an mhuc rolladh sa _____.
4. Tá an gasúr iontach maith ag troid mar déanann sé _____.
5. Níl cead agat _____ gorma a chaitheamh ar scoil.
6. Thug mamaí _____ bainne don chat.
7. Is éan uisce é an _____.
8. Is é an Luan an chéad _____ scoile na seachtaine.

Obair Bhaile 14

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:

- 1) 
j _____
- 2) 
la _____
- 3) 
la _____
- 4) 
ja _____
- 5) 
jú _____

Obair Bhaile 15

Daidí Phóil

Is dochtúir é mo dhaidí agus bíonn sé ag obair san otharlann. Cuidíonn sé le daoine atá tinn. In amanna, téann sé amach san otharcharr má bhíonn duine éigin iontach tinn. Bíonn banaltra ag cuidiú leis go minic.

Is duine iontach cineálta agus cliste é mo dhaidí. Tá dath bán ar a chóta. Tá mála dubh aige. Tá steiteascóp aige. Níl cead agam é a úsáid ach lá amháin lig sé dom éisteacht le mo chroí féin. Chuir fuaim mo chroí iontas an domhain orm!

Bíonn mo dhaidí ag obair go crua an t-am ar fad. Nuair a bhí muid ar laethanta saoire i mí Lúnasa, chonaic muid fear ag titim ar an tsráid. Ní raibh sé ábalta bogadh. Chuaigh mo dhaidí trasna agus chuidigh sé leis. Chuir sé ina luí mar is ceart é. Chuir sé scairt ar an otharcharr agus d'fhan sé leis go dtí gur tháinig an t-otharcharr.

Chuir an fear cárta beag chuig mo dhaidí tamall ina dhiaidh sin agus scríobh sé: 'Tá mé go fóill beo mar chuidigh tú liom. Go raibh míle maith agat!' Bhí daidí millteanach sásta leis an chárta sin. Déanann dochtúirí obair iontach tábhachtach.



1. Cén post atá ag daidí Phóil?
 - (a) Is múinteoir é daidí Phóil
 - (b) Is banaltra é daidí Phóil.
 - (c) Is dochtúir é daidí Phóil.
2. Cé a chuidíonn leis an dochtúir in amanna?
 - (a) Cuidíonn an t-otharcharr leis in amanna.
 - (b) Cuidíonn an bhanaltra leis in amanna.
 - (c) Cuidíonn an fiacloir leis in amanna.
3. Cad é a rinne Pól leis an steiteascóp?
 - (a) Chuir sé sa mhála é.
 - (b) D'éist sé lena chroí féin.
 - (c) D'éist sé le ceol.
4. Cad é a tharla nuair a bhí siad ar laethanta saoire?
 - (a) Thit duine éigin.
 - (b) Bhí stoirm ann.
 - (c) Bhí tine ann.
5. Nuair a fuair daidí an cárta bhí:
 - (a) eagla air.
 - (b) ocras air.
 - (c) áthas air.

Obair Bhaile 16

An Fhearthainn

Bíonn sé fliuch ar maidin
Agus mé ag dul ar scoil.
Cén fáth? Cén fáth
Nach stopann sí, le do thoil?

Bíonn sé fliuch ar maidin
Ag am sosa agus am lóin.
Agus ag dul abhaile linn,
Nach muid atá faoi bhrón?



1. Cad é mar atá an aimsir sa dán seo?
 - (a) Lá grianmhar atá ann
 - (b) Lá fliuch atá ann
 - (c) Lá fuar atá ann
2. Cé acu atá fíor sa dán?
 - (a) Bíonn sé ag cur anois agus arís.
 - (b) Bíonn sé tirim an t-am ar fad.
 - (c) Bíonn sé ag cur i gcónaí.
3. Ní maith le páistí scoile an aimsir seo mar:
 - (a) ní thig leo dul amach.
 - (b) tá sé iontach te.
 - (c) tá an scoil fuar.
4. Cé acu focal sa dán is fearr a dhéanann rím le scoil?
 - (a) Déanann 'thoil' rím le scoil.
 - (b) Déanann 'tá' rím le scoil.
 - (c) Déanann 'linn' rím le scoil.
5. Cad é mar a mhothaíonn an páiste ag deireadh an dáin?
 - (a) Mothaíonn an páiste sásta.
 - (b) Mothaíonn an páiste ocrach.
 - (c) Mothaíonn an páiste brónach.
6. Cad é ábhar an dáin seo go príomha?
 - (a) Baineann an dán seo le lá grianmhar.
 - (b) Baineann an dán seo leis an scoil.
 - (c) Baineann an dán seo le haimsir fhliuch.

líon *ainmfhocal* líonta

1 uimhir ar leith de rudaí, méid, oiread *Cad é an líon is lú bonn atá de dhíth le £3.88 a dhéanamh?* **2**

ábhar atá déanta de phíosáí snátha, corda nó sreinge atá ceangailte le chéile i bpatrún trasnaithe le poill eatarthu **3** planda a tháirgeann snáthíní a úsáidtear le héadach a dhéanamh agus síolta a úsáidtear le hola a dhéanamh **4** **líonta** na codanna den trealamh sa pheil ina scóráiltear cúil **5** **líon iascaigh** trealamh a úsáideann iascairí chun éisc a cheapadh **5** **líon damhán alla** tacar tanaí de shnáthanna greamaitheacha a shníonn damháin alla chun feithidí a cheapadh **6** sa mhatamaitic, is líon é na cruthanna déthoiseacha atá de dhíth le cruth tríthoiseach a dhéanamh

líon *briathar* líon, líonann, líonfaidh, líonadh, líonta

1 rud a dhéanamh lán, ártach nó soitheach mar shampla **2** **líon isteach** foirm a chomhlánadh nó freagraí a chur isteach

líonadh *ainmfhocal*

1 píosa miotail a chuireann fiaclóir i do bhéal istigh i bhfiacail atá lofa **2** bia a chuireann tú isteach i bpióg, ceapaire nó císte

líonalann *ainmfhocal*

ábhar bog a úsáidtear le cneánna a chlúdach

líonláithreán *ainmfhocal* líonláithreáin

áit ar an idirlíon a dtig leat eolas a fháil

líonmhar *aidiacht* níos/lis líonmhaire cuid mhór a bheith ann

líonóil *ainmfhocal* líonóilí

clúdach plaisteach láidir don urlár, is minic a chuirtear síos sa chistin nó sa seomra folctha é

líonpheil *ainmfhocal*

cluiche ina ndéanann dhá foireann iarracht liathróid a chaitheamh trí líontán ard atá ag crochadh ó fháinne

líonra *ainmfhocal* líonraí


córas le cuid mhór codanna nó nasc

líonrú *ainmfhocal*

líonrú sóisialta bualadh le daoine agus labhairt leo ar an idirlíon

lionsa *ainmfhocal* lionsaí

1 píosa gloine nó plaisteach cuartha a úsáidtear le híomhánna a chur i bhfócas nó le solas a dhíriú ar rud **2** **lionsaí tadhaill** lionsaí beaga plaisteacha a chuireann tú ar mhealla súl in ionad spéaclaí a chaitheamh

**líontán** *ainmfhocal* líontáin

1 an trealamh sa pheil ina scóráiltear tú cúil, déanann an cúil báire iarracht stop a chur leis an liathróid ag dul isteach sna líontán **2** sa mhatamaitic, is líontán é na cruthanna déthoiseacha atá de dhíth le cruth tríthoiseach a dhéanamh

liopa *ainmfhocal* liopaí

ceann amháin den dá imeall thoirtíula den bhéal, beola

liopard *ainmfhocal* liopaird

ainmhí fiáin atá mór agus spotach, is cat é

lios *ainmfhocal* liosanna

gairdín mór a bhíonn thart ar theach mór

Liospóin *ainmfhocal*

cathair sa Phortaingéil

liosta *ainmfhocal* liostaí

méid áirithe ainmneacha, figiúirí nó rudaí scríofa ceann i ndiaidh a chéile

liostaigh *briathar*

liosta a dhéanamh

lipéad *ainmfhocal* lipéid

píosa páipéir, éadaigh nó miotail greamaithe do rud a léiríonn cad é atá ann nó a thugann eolas eile air, an praghas mar shampla

lipéadaigh *briathar* lipéadaigh, lipéadaíonn,

lipéadóidh, lipéadú, lipéadaithe

1 lipéad a chur ar rud **2** teideal nó tuilleadh eolais a chur ar rud, graf mar shampla

líreacán *ainmfhocal* líreacáin

1 milseán crua greamaitheach ar chipín a líonn tú **2** **líreacán oighir** oighear blaistithe nó uachtar reoite ar chipín

liric *ainmfhocal* liricí

liricí na focail d'amhrán

lítir *ainmfhocal* lítir





tomhas leachta, tá 1000 millilítear i lítir

litearthacht *ainmfhocal*

cumas a bheith ort labhairt, léamh agus scríobh go maith

litir *ainmfhocal* litreacha

1 ceann de na siombailí a úsáidimid le focail a scríobh, a, b, c, d agus mar sin de **2** teachtaireacht scríofa a chuireann tú chuig duine eile



Obair Bhaile 17






Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

litir	liosta	lipéad	líon
líreacán	líonpheil	liosta	liopard

1. Scríobh mé _____ chuig mo chara san Astráil.
2. D'ith mé _____ oighir ar an lá te.
3. Is é an _____ an t-ainmhí is gasta ar an domhan.
4. Scríobh mo mhamaí m'ainm ar _____ mo gheansaí scoile.
5. Scríobh mo mhamaí _____ sula ndeachaigh muid ag siopadóireacht.
6. Bhuail an liathróid é ar an _____ agus anois tá sé ag cur fola.
7. Chaith an cailín an liathróid isteach sa líon nuair a bhí sí ag imirt _____.
8. Cad é an _____ is lú bonn atá de dhíth le £3.88 a dhéanamh?

Obair Bhaile 18

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:

- 1)  lí _____
- 2) lí _____ 
- 3)  lí _____
- 4) lí _____ 
- 5)  lí _____
- 6)  lí _____

Obair Bhaile 19

Fliuch Báite

An fómhar a bhí ann. D'éirigh Líosa le dul ar scoil. Lá geal grianmhar a bhí ann. Chuir sí uirthi a cuid éadaí agus chuaigh sí síos an staighre. D'ith sí arán rósta agus d'ól sí cupán tae. Ina dhiaidh sin, thóg sí a mála scoile agus amach léi ar scoil. Níor ghlac sí cóta fearthainne léi mar bhí an ghrian ag soilsiú.

Siúlann Líosa ar scoil lena cara Aoife. Bhuail sí léi ag an tsiopa agus d'imigh siad leo. Nuair a bhí siad ag siúl d'éirigh sé rud beag dorchá. D'amharc na cailíní ar an spéir agus bhí sé ag éirí iontach scamallach. Go tobann, thosaigh sé ag cur go trom. Ní raibh cóta ná scáth fearthainne acu. Rith siad go gasta ach bhí sé go fóill ag stealladh báistí.

Nuair a bhí siad ag fanacht le dul trasna an bhóthair, chonaic siad leoraí mór ag teacht go mall ach d'fhan siad ar an chosán. Bhí slodán mór uisce ar an bhóthar go díreach in aice leis an chosán. Chuaigh an leoraí isteach ann.

Ááááá!!! Bhí siad fliuch báite ó bhun go barr. Nuair a chuaigh siad isteach sa tseomra ranga rinne gach duine eile gáire. Bhí náire an domhain ar na cailíní!



Ceisteanna

1. Cad é a rinne Líosa sula ndeachaigh sí ar scoil?

- (a) D'ith sí bricfeasta.
- (b) D'ith sí lón.
- (c) Léigh sí leabhar.

2. D'fhág Líosa a cóta fearthainne sa teach mar:

- (a) bhí aimsir mhaith ann.
- (b) bhí sé scamallach.
- (c) bhí sé ag cur fearthainne.

3. Cad é mar a chuaigh Líosa ar scoil?

- (a) Chuaigh Líosa ar scoil sa charr
- (b) Shiúil sí ar scoil.
- (c) Chuaigh sí ar scoil ar an bhus

4. Cad é mar a d'athraigh an aimsir nuair a bhí Líosa agus Aoife ag siúl ar scoil?

- (a) D'éirigh sé fuar.
- (b) D'éirigh sé te.
- (c) D'éirigh sé scamallach.

5. Cad é a rinne na páistí nuair a chonaic siad an leoraí ag teacht?

- (a) Rith siad trasna an bhóthair go gasta.
- (b) Sheas siad ar an chosán ag fanacht.
- (c) Léim siad isteach san uisce.

6. Cén fáth a raibh náire ar Líosa agus ar Aoife, do bharúil?

- (a) Mhothaigh siad amaideach.
- (b) Mhothaigh siad sona sásta.
- (c) Mhothaigh siad feargach.

Obair Bhaile

An Maor Tráchta

Tá post iontach tábhachtach ag maor tráchtá na scoile. Bíonn sé ann gach lá taobh amuigh den scoil s'againn, ar maidin agus tráthnóna. Seasann sé ar an chosán in aice leis an scoil. In amanna, bíonn bata líreacáin ina lámh aige atá buí agus dearg. Caitheann maor tráchtá na scoile veist gheal ildaite. Bíonn sé ann i rith na bliana ach amháin sa samhradh. Ní chailleann sé lá scoile in am ar bith!

Siúlaim ar scoil leis an chara is fearr agam Áine. Buaileann sí isteach chugam gach maidin. Bíonn an maor tráchtá ina sheasamh taobh amuigh den scoil ag fanacht linn. Nuair a chuireann sé amach an bata líreacáin, feiceann na tiománaithe é agus stopann na carranna, na busanna agus na leoraithe uilig. Ansin, ligeann sé dúinn dul trasna an bhóthair go sábháilte.

Nuair a bhuaileann muid le maor tráchtá na scoile bíonn craic againn leis i gcónaí. Stopann muid tamall beag le bheith ag caint leis. Insíonn sé scéalta dúinn. Is duine iontach greannmhar, cineálta agus cairdiúil é. In amanna, ritheann muid isteach sa scoil mar bíonn muid mall!



Ceisteanna

1. Cá háit a seasann maor tráchta na scoile?

- (a) Seasann an maor tráchta ar an bhóthar.
- (b) Seasann an maor tráchta ar an chosán.
- (c) Seasann an maor tráchta i gclós na scoile.

2. Cén dath atá ar an veist a chaitheann sé?

- (a) Caitheann sé veist bhán.
- (b) Caitheann sé veist bhuí.
- (c) Caitheann sé veist ildaite.

3. Bíonn an maor tráchta taobh amuigh den scoil:

- (a) gach lá scoile.
- (b) gach Luan.
- (c) sa samhradh.

4. Cén fáth a mbíonn bata líreacáin de dhíth ar an mhaor tráchta?

- (a) Feiceann na tiománaithe é go soiléir.
- (b) Is breá leis é a ithe.
- (c) Thig leis páistí dalba a bhualadh leis.

5. Bíonn maor tráchta na scoile:

- (a) i gcónaí feargach.
- (b) i gcónaí sona sásta.
- (c) i gcónaí tinn.


6. Cén fáth a mbíonn na páistí seo mall in amanna, do bharúil?

- (a) Siúlann siad ar scoil go mall.
- (b) Ní bhíonn siad réidh in am.
- (c) Bíonn siad ag caint leis an mhaor tráchta.

mandairín

mandairín *ainmfhocal*

mandairíní
oráiste beag



mangaire *ainmfhocal*

mangairí
duine a dhíolann rudaí taobh amuigh de shiopa

manglam *ainmfhocal*

meascán de rudaí

mangó *ainmfhocal* mangónna

toradh trópaiceach súmhar le laíon buí

maoil *ainmfhocal*

maoileanna

1 thar maoil nuair a théann leacht amach as barr an árthaigh ina bhfuil sé **2 faoi mhaoil** carn mór de rudaí a bheith ann *Bhí an tábla faoi mhaoil le páipéir.*



maoin *ainmfhocal* maoine

1 airgead, saibhreas **2** na rudaí uilig ar leatsa iad **3 maoín ghoidte** earraí a goideadh

maoirseacht *ainmfhocal*

bheith i mbun, daoine nó rudaí a stiúradh

maoirseoir *ainmfhocal* maoirseoirí

duine a dhéanann maoirseacht

maoithneach *aidiacht* níos/ís

maoithní

1 nuair a mhothaíonn tú rudaí go domhain **2** nuair a léiríonn tú do mhothúcháin go hoscailte



maol *aidiacht* níos/ís maoile

1 gan gruaig nó gan mórán gruaige ar an cheann **2** faobhar a bheith ag rud nach bhfuil maith don ghearradh

maolaigh *briathar* mhaolaigh, maolaíonn,

maolóidh, maolú, maolaithe

1 éirí níos lú nó rud a dhéanamh níos lú, laghdú **2 luas a mhaolú** dul níos fadálaí de réir a chéile

maolaire *ainmfhocal* maolairí

barra a ritheann feadh thús nó chúl chairr chun é a chosaint ó thimpistí

maoluillinn *ainmfhocal*

maoluillinneacha

uillinn atá níos mó ná 90°
ach níos lú ná 180°

maonáis *ainmfhocal*

anlann uachtarúil atá déanta le huibheacha, ola agus finéagar, is minic a chuirtear í ar shailéad



maor *ainmfhocal* maoir

1 duine atá i mbun nó a stiúran daoine nó rudaí, maoirseoir, ceannaire **2** dalta scoile atá i mbun daltaí eile **3** réiteoir nó moltóir spóirt **4 maoir líne** oifigeach sa pheil, leadóg agus cluichí spóirt eile a bhfuil sé mar jab aige cinneadh a dhéanamh cé acu ar thrasnaigh liathróid an líne nó nár thrasnaigh **5 maoir cúil** oifigeach sa pheil a bhfuil sé mar jab aige cinneadh a dhéanamh cé acu an ndeachaigh an liathróid nó an sliotar tríd na cuailí nó nach ndeachaigh **6 maoir tráchtá** oifigeach a bhfuil sé mar jab aige a dheimhniú nach bhfuil carranna páirceáilte san áit chontráilte



maorga *aidiacht* níos/ís

maorga

grástúil nó galánta

maorlathas *ainmfhocal* maorlathais

an páipéarachas a théann le jabanna, in oifigí ach go háirithe

maoth *aidiacht* níos/ís maoithe

bog, gan a bheith crua

maothán *ainmfhocal* maotháin

an chuid chuartha bhog ag bun na cluaise

mapa *ainmfhocal* mapaí

léaráid den domhan nó de chuid den domhan, ag léiriú rudaí mar bhailte, sléibhte agus aibhneacha, léarscáil



mapa *ainmfhocal* mapaí

píosa ábhair bhoig ag deireadh bata a úsáideann tú leis an urlár a ní

mapáil *briathar* mhapáil, mapálann,

mapálfaidh, mapáil, mapáilte
an t-urlár a ghlanadh le mapa

mar *cónasc*

1 mar gheall ar fháth ar leith, cionn is, as siocair, de bhrí, de thairbhe *D'ól mé deoch uisce mar bhí tart orm.* **2** áit a léiriú *Fan mar a bhfuil tú.* **3** cosúil le, ar nós, mar an gcéanna le *Bhí sé ag caoineadh mar bhabaí.* **4** dóigh nó bealach chun rud a dhéanamh nó a léiriú *Déan mar is maith leat.*

mar *dobhriathar*

1 mar sin féin don fháth sin, mar gheall air sin **2 agus mar sin de** agus araile, agus ar aghaidh agus ar aghaidh **3 mar an gcéanna** go díreach cosúil le **4 mar siúd is mar seo** an dóigh seo agus an dóigh sin **5 gur mar sin duit** tá sé sin tuillte agat

Obair Bhaile 21

Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

mar	mandairín	maol	maor
mhaoil	maonáis	mangó	mapa

1. D'ól mé deoch uisce _____ bhí tart orm.
2. Is oráiste beag súmhar é an _____.
3. Tá _____ den domhan crochta ar an bhalla sa seomra ranga.
4. Cuidíonn an _____ tráchta linn dul trasna an bhóthair.
5. Is toradh trópaiceach é an _____.
6. Is maith liom _____ ar mo bhurgar.
7. Níl gruaig ar bith ar chloigeann mo dhaideo, tá sé _____.
8. Bhí an tábla faoi _____ le páipéar.

Obair Bhaile 22

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:

1)



ma _____

2)

ma _____



3)



ma _____

4)



ma _____

5)



ma _____

6)



ma _____ tráchta


Obair Bhaile 23

Oíche Shamhna

Is breá le Rónán Oíche Shamhna. Sin an oíche is fearr leis sa bhliain mar bíonn craic ar dóigh aige. Trí bliana ó shin, bhí oíche iontach maith aige lena theaghlach agus lena chairde uilig. Bhí cóisir acu sa teach ar dtús agus tháinig cuid mhór daoine. Bhí gach duine gléasta suas in éadaí iontacha. Bhí daoine gránna ann. Bhí cuid acu iontach scanrúil. Bhí cuid acu iontach daite. Bhí Rónán gléasta mar vaimpír agus chuir sé eagla ar Mhamó agus ar Dhaideo!

Chuaigh siad chuig an pharáid i lár an bhaile mhóir. Bhí gach duine gléasta suas ansin fosta. Ina dhiaidh sin, bhí na tinte ealaíne ann. Bhí siad iontach callánach ach bhí cuid mhór dathanna iontacha le feiceáil sa spéir.

Tamall ina dhiaidh sin, chuaigh gach duine ar ais abhaile. Tháinig cara Rónáin ar ais chuig an teach leis. Bhí císte úill déanta ag mamaí Rónáin. D'ith siad gach píosa den chíste úill. Ar a haon déag a chlog, d'imigh cara Rónáin abhaile mar bhí sé mall. Chuaigh Rónán a luí ansin. Bhí sé scriosta ar fad. Oíche speisialta a bhí ann.



Ceisteanna

1. Cén oíche sa bhliain is fearr le Rónán?

- (a) Is fearr leis Oíche Nollag.
- (b) Is fearr leis Oíche Shamhna.
- (c) Is fearr leis Oíche na Seanbhliana.

2. Cad é a rinne siad sa teach trí bliana ó shin?

- (a) Rinne siad obair bhaile.
- (b) D'amharc siad ar an teilifís.
- (c) Bhí cóisir acu.

3. Cén fáth ar chuir Rónán eagla ar Mhamó agus ar Dhaideo?

- (a) Bhí cuma chliste air.
- (b) Bhí cuma amaideach air.
- (c) Bhí cuma scanrúil air.

4. Cá háit a raibh an pharáid ar siúl?

- (a) Bhí an pharáid ar siúl In aice leis an scoil.
- (b) Bhí an pharáid ar siúl sa bhaile mhór.
- (c) Bhí an pharáid ar siúl faoin tuath.

5. Cén fáth a ndeachaigh cara Rónáin abhaile?

- (a) Bhí brón air
- (b) Bhí sé mall
- (c) Bhí sé míshásta

6. Ag deireadh na hoíche bhí Rónán:

- (a) iontach ocrach.
- (b) iontach tuirseach.
- (c) iontach brónach.

Obair Bhaile 24

An Trá

Lá breá samhraidh a bhí ann. Chuaigh mamaí, Barra agus Orla chuig an trá. Bhí na páistí ag dúil go mór leis. Is breá leo an trá. Bhí an áit dubh le daoine.

Chuir siad éadaí snámha orthu féin ar dtús. Ansin, rith siad síos chuig an uisce agus léim siad isteach ann. Chaith siad an mhaidin ar fad ag snámh agus ag súgradh san fharraige. Nuair a tháinig siad amach as an uisce, thóg Orla buicéad agus spád agus rinne sí caisleán gainimh. Chuidigh Barra léi. Ina dhiaidh sin, chuaigh siad a lorg sliogán don chaisleán. Bhí cuma iontach air nuair a bhí sé réidh acu.

Bhí picnic ag na páistí tráthnóna. D'ith siad ceapairí agus torthaí. Tamall ina dhiaidh sin, thosaigh an fharraige ag teacht isteach. Bhí daoine ag imeacht anois. Dúirt mamaí go raibh orthu dul abhaile. Bhí brón ar na páistí ansin.

Thit Orla ina codladh go gasta ar an bhealach abhaile, ach thosaigh Barra ag caoineadh. Bhí sé dóite ag an ghrian. Rinne sé dearmad uachtar gréine a chur air féin i ndiaidh am lóin. Nach é a bhí amaideach?



Ceisteanna

1. Cad é mar a bhí an aimsir an lá seo?

- (a) Bhí lá fliuch ann.
- (b) Bhí lá fuar ann.
- (c) Bhí lá galánta.

2. Cad é mar a mhothaigh Barra agus Orla?

- (a) Bhí siad feargach.
- (b) Bhí siad tógtha.
- (c) Bhí siad brónach.

3. Cad é a chiallaíonn an frása ‘bhí an áit dubh le daoine’?

- (a) Bhí an gaineamh uilig dubh.
- (b) Bhí cuid mhór daoine ann.
- (c) Bhí na daoine uilig salach.

4. Cad é mar a chaith siad an mhaidin?

- (a) Chaith siad an mhaidin ag iascaireacht.
- (b) Chaith siad an mhaidin san fharraige.
- (c) Chaith siad an mhaidin ag lorg sliogán.

5. Cén chuma a bhí ar an chaisleán gainimh?

- (a) Bhí cuma amaideach ar an chaisleán gainimh.
- (b) Bhí cuma ar dóigh ar an chaisleán gainimh.
- (c) Bhí cuma ghránna ar an chaisleán gainimh.

6. Cén fáth a raibh sé in am acu dul abhaile, do bharúil?

- (a) Bhí deifir ar mhamáí.
- (b) Bhí an fharraige ag teacht isteach.
- (c) D'éirigh sé fuar.

Léitheoireacht / Reading

Lá / Dáta Day / Date	Leabhar Book	Leathanaigh Pages	Inisileacha Initials
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			

An Luan/Monday
An Chéadaoin/Wednesday

An Mháirt/Tuesday
An Déardaoin / Thursday